# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# EALAÍN

## Ceardaíocht

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 7 Bealtaine Maidin 9.30 – 12.00 Tráthnóna 2.00 – 4.30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar **Dé Máirt, 28 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat do bhileog ullmhúcháin A2 (níl ach **bileog amháin** ceadaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.
- **Níl cead** agat **áiseanna amhairc** ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó obair ealaíne réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil.
- Tá cead agat ábhair cheardaíochta agus uirlisí cuí a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.
- Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.
- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat, agus an teideal, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

**Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE) (0 marc)**

Ba chóir do chuid taighde a bheith ar do bhileog ullmhúcháin A2 agus ba chóir é seo a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is é ba chóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu agus a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú fótagraif nó íomhánna a gearradh amach as irisí a úsáid chomh maith le líníocht a dhéanamh le peann luaidhe, le peann, le péint nó colláis a chur le chéile etc. ní mór gach íomhá dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog ullmhúcháin A2.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog d'obair ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na tréithe fisiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2** agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog d'Obair Ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe (90 marc)**

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn thréimhse an scrúdaithe.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach tréshoilseach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

Do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin

Do bhileog A2 de Réamhsceitsí

Aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)

Do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, ba chóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe de.

**FREAGAIR CEANN AMHÁIN DÍOBH SEO A LEANAS:**

1. **Leabharcheardaíocht**

Dear agus déan comhad bosca, fillteán infhairsingithe nó vallait doiciméad chun ceann amháin díobh seo a choimeád:

(a) Leidí garraíodóireachta

(b) Nótaí faoi Shakespeare

(c) Bróisiúir le haghaidh saoire eachtraíochta

Ba chóir do phíosa críochnaithe ceardaíochta a dhéanamh as ábhair chuí. **Ba chóir go bhfeidhmeodh sé agus go mbeadh meicníocht dhúnta air.** Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.
Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.
**Ábhair:** meascán páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí cuí.

2. **Peannaireacht**

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar iomlán, nó ar chuid **(5 líne ar a laghad)** de Théacs **(a)** nó de Théacs **(b)**. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

**Téacs (a)**
**Lóchrann na Sceiche Gile**

Tá an sceach gheimhriúil ag dó go míthráthúil,
Fia-úll na sceiche, mionsolas don mhion i meon,
Gan faic eile á iarraidh orthu ach go gcoimeádfaidís
Buaiceas an mheasa orthu féin ó dhul in éag,
Chun nár ghá iad a dhalladh le solas (na tuisceana).

Ach uaireanta le linn aimsir an tseaca feictear d'anáil
ag glacadh cruth siúlach Diogenes
lena lóchrann, eisean a bhí ag lorg duine cóir;
go mbítear, ar deireadh, do d'iniúchadh ó laistiar
den sceachóir
a ardaíonn seisean ar aon chothrom a shúl ar a chraobh,
cúbann tú roimh smúsach agus chnó an sceachóra,
roimh a phriocadh fola ar mhian leat go dtástálfadh agus
go nglanfadh sé tú,
roimh a aibíocht phioctha a dhéanann scanadh ort,
a ghluaiseann ar aghaidh ansin.

(Cóirithe ón dán *The Haw Lantern* le Seamus Heaney)

**Téacs (b)**

Fadó théadh mórán ban agus cailíní go Cathair Saidhbhín chun bláthach a dhíol. Is minic a bhíodh deich nó dhá cheann déag de mheadair bhainne ag an gCros agus bhíodh an-éileamh air.

Chuala mé lá amháin go raibh na mná agus na cailíní ag an gCros mar ba ghnáth ag díol an bhainne. Ina measc bhí cailín as an Rinn Ard a raibh meadar aici i dtrucail asail. Bhí sí ina seasamh sa trucail le tomhas ina láimh chun bainne a dhíol le duine ar bith a thagadh ina treo. Thíos ag an gcaladh, bhí long istigh fad is a bhí an lasta uirthi á fholmhú. Shiúil beirt den chriú suas i dtreo na Croise mar a raibh na mná, chas duine acu i dtreo an chailín ón Rinn Ard agus d'fhiafraigh di cén costas a bhí ar an mBláthach…

Sliocht as *The Girl and the Sailor* – William Taylor

**Ábhair:** dromchla oiriúnach d'obair pheannaireachta – uasmhéid A2; meascán ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil**, ní mór don fheitheoir an bhileog a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí glan.

3. **Póstaer**

Dear agus déan póstaer nó cárta taispeána do cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

(a) Scannán fantaise dar teideal ‘ Ailtirí an scriosta’

(b) Taispeántas de stíliú gruaige dar teideal ‘ Na Stíleanna Gruaige is Déanaí’

(c) Seachtain na hEolaíochta 2009

**Ní mór do theideal na topaice** a roghnaigh tú, **(a)** Ailtirí an scriosta, **(b)** Na Stíleanna Gruaige is Déanaí nó **(c)** Seachtain na hEolaíochta 2009, a bheith breactha ar do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Tá cead agat stionsal aibítre atá gearrtha agat a úsáid ach **ní mór duit an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a chur i gcrích le linn an scrúdaithe.** Is fút féin atá cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir go mbeadh níos mó ná A2 ar an toise is mó. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí glan.
**Ábhair:** Páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamachán, scuaba, péinteanna, dúigh, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa.
**Stionsail ar bith a úsáidtear, ní mór iad a chur isteach leis an gcuid eile den obair.**

4. **Fíodóireacht**

Dear agus figh taipéis bhalla nó painéal le haghaidh seaicéid ag úsáid ceann amháin de na téamaí seo a leanas mar fhoinse do dhearadh:

(a) An oíche

(b) Saol na bhFeithidí

(c) An Mhuiríne

Úsáid rogha ábhar agus teicníochtaí san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar. Tá sé ceadaithe meáin mheasctha a úsáid.
**Ábhair:** Deilbh réamhullmhaithe ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht mhór snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

5. **Líonóilphriontáil/Blocphriontáil**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Béal faoi, an taobh istigh amuigh

(b) Coirp ag gluaiseacht

(c) Radharc ó fhuinneog

Ba chóir toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna na líonóilphriontála/blocphriontála a léiriú.
**Ábhair:** Píosa/í líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 20 cm × 15 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa; uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
***N.B***. *Mura mbíonn do phriontaí tirim ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh iad go cúramach le plaisteach trédhearcach sula gcuireann tú isteach i do chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (le plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianaithe a chur isteach leis an gcuid eile den obair.*

6. **Puipéadacht**

Déan puipéad lámhainne gléasta, puipéad maide gléasta nó puipéad téide gléasta bunaithe ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

(a) Sámhaí

(b) An *Prima Donna*

(c) Meiteamorfóis

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh an puipéad críochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a chur i gcrích le linn an scrúdaithe. Ní mór na baill choirp go léir a chur le chéile, a phéinteáil agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.**
**Ábhair:** fabraic, snáth, ábhair uigeacha a thagann go maith le chéile, péinteanna, etc; bunbhaill an choirp déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair éadroma eile.

7. **Scáthlánphriontáil**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Duaithníocht sa nádúr

(b) Páirteanna meicniúla

(c) 'Bróga, Bróga Breátha Galánta'

Úsáid trí dhath ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith mar chuid de do dhearadh. Tá cead agat priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach do do dhearadh. Níor chóir toisí níos mó ná 100 cm × 100 cm a bheith i do phrionta críochnaithe.
**Ábhair:** fabraic cúlra, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh etc.

8. **Teicstílí Lámhphriontáilte**

Dear agus priontáil patrún leath-thite ar phíosa d'ábhar oiriúnach bunaithe ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas:
Déan taighde agus forbairt ar do dhearadh ó cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Séasúir

(b) Giuirléidí

(c) Saol na mara

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ba chóir duit forphriontáil a bheith mar chuid de do dhearadh. Níor chóir go mbeadh toisí níos mó ná 100 cm × 100 cm i do phrionta críochnaithe. Ba chóir duit cúram a dhéanamh de na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le gluaiseacht, sreabhadh agus nascacht.
**Ábhair:** fabraic oiriúnach, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

9. **Baitíc**

Dear agus déan baitíc ar fhabraic oiriúnach de do rogha. Ní mór do rogha a fhorbairt ó cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Lá an Níocháin

(b) Aoibhneas an bhia agus na dí

(c) Thíos ar an bhFeirm

Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis. Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach ar réimsí beaga mionsonraí amháin. Níor chóir go mbeadh níos mó ná 100 cm ar an toise is mó i do phrionta críochnaithe.
**Ábhair:** Fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, etc.

10. **Criadóireacht**

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Árthach bunaithe ar shaothar Louis le Brocquy

(b) Dealbhóireacht atá le cur ar láthair lasmuigh de shaotharlann taighde

(c) Painéal rilífe don taobh amuigh d'ionad dídine ainmhithe

**Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha ar nós sleamhnán, glónraí agus ocsaídí. Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Cré réamhullmhaithe go hoiriúnach don teicníocht atá roghnaithe agat (roth- nó lámhdhéanamh). Trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí: sleamhnáin, glónraí, ocsaídí , etc. ina measc.

11. **Bróidnéireacht**

Dear agus bróidnigh taipéis bhalla maisithe nó píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Blaiseadh den Domhan Thoir

(b) Gairdín na n-aoibhneas saolta

(c) Súmairí

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, mar shampla, feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué* etc. Uasmhéid: 50 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** ábhair éagsúla agus nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, ábhar glioscarnach, sreang, *papier maché*, etc. ina measc.

**12. Snoíodóireacht Adhmaid/Snoíodóireacht**

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Saothar saorsheasaimh, bunaithe ar reiptílí

(b) Trinsiúr bunaithe ar Mhargadh na nGlasraí

(c) Plaic d'aghaidh Shiopa Draíochta

Tá an litreoireacht roghnach. Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile; bailchríocha cuí; trealamh snoíodóireachta.

**13. Miotalóireacht/Tógáil**

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Plaic d'Ionad Seirbhísí Airgeadais

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh mhiotail dar teideal 'An Meicneoir'

(c) Plaic nó píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar chúrsaí taistil

Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Ábhair chruanta; miotail do theicníochtaí tógála; trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

**14. Múnlóireacht**

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Múnla de réir scála do phíosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh i gcomhair láithreán ar leith atá le cur ar láthair ar an mbealach isteach go dtí lárionad uiscíochta

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh atá le cur ar láthair lasmuigh d'oifig ailtire

(c) Painéal maisithe balla atá le cur ar láthair in ionad fáilte Zú nua

Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Is féidir na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Tá sé ceadaithe ábhair bhreise a chur le do shaothar.

# Leathanach Bán